2024/959

25.4.2024

**CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 219/2023**

**an 22 Meán Fómhair 2023**

**lena leasaítear Iarscríbhinn II (Rialacháin theicniúla, caighdeáin, tástáil agus deimhniú) a ghabhann le Comhaontú LEE [2024/959]**

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán (AE) 2023/440 ón gCoimisiún an 28 Feabhra 2023 lena leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 231/2012 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann le carbaiméir a úsáid i bhforbhianna ([1]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Rialachán (AE) 2023/441 ón gCoimisiún an 28 Feabhra 2023 lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1334/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le 2-hiodrocsa-4-meatocsaibeansaildéad a chur le liosta an Aontais de bhlastáin ([2]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(3) Rialachán (AE) 2023/447 ón gCoimisiún an 1 Márta 2023 lena leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 231/2012 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann le húsáid gliocóisídí steibhióil glúcósalaithe mar mhilseoir ([3]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(4) Is le reachtaíocht maidir le hábhair bhia a bhaineann an Cinneadh seo. An reachtaíocht a bhaineann le hábhair bhia, ní bheidh feidhm aici maidir le Lichtinstéin fad a bheidh cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le trádáil i dtáirgí talmhaíochta leathnaithe chun Lichtinstéin a chumhdach, mar a shonraítear i réamhrá Chaibidil XII d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú LEE. Dá bhrí sin, níl feidhm le bheith ag an gCinneadh seo maidir le Lichtinstéin.

(5) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Caibidil XII d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú LEE, leasófar í mar a leanas:

1. Cuirtear na fleasca seo a leanas isteach i bpointe 54zzzzr (Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle):

   '— **32023 R 0440**: Rialachán (AE) 2023/440 ón gCoimisiún an 28 Feabhra 2023 (IO L 64, 1.3.2023, lch. 4),

   — **32023 R 0447**: Rialachán (AE) 2023/447 ón gCoimisiún an 1 Márta 2023 (IO L 65, 2.3.2023, lch. 16).'

2. Cuirtear an fhleasc seo a leanas isteach i bpointe 54zzzzs (Rialachán (CE) Uimh. 1334/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle):

   '— **32023 R 0441**: Rialachán (AE) 2023/441 ón gCoimisiún an 28 Feabhra 2023 (IO L 64, 1.3.2023, lch. 9).'

3. Cuirtear na fleasca seo a leanas isteach i bpointe 69 (Rialachán (AE) Uimh. 231/2012 ón gCoimisiún):

   '— **32023 R 0440**: Rialachán (AE) 2023/440 ón gCoimisiún an 28 Feabhra 2023 (IO L 64, 1.3.2023, lch. 4),

([1]) IO L 64, 1.3.2023, lch. 4.
([2]) IO L 64, 1.3.2023, lch. 9.
([3]) IO L 65, 2.3.2023, lch. 16.

— **32023 R 0447**: Rialachán (AE) 2023/447 ón gCoimisiún an 1 Márta 2023 (IO L 65, 2.3.2023, lch. 16).'

*Airteagal 2*

Is téacsanna barántúla a bheidh i dtéacsanna Rialacháin (AE) 2023/440, (AE) 2023/441 agus (AE) 2023/447 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacsanna atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 23 Meán Fómhair 2023, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile de réir Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *.

*Airteagal 4*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 22 Meán Fómhair 2023.

*Thar ceann Chomhchoiste LEE*
*An tUachtarán*
Pascal SCHAFHAUSER

---

* Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.